Polasaí Um Chaomhnú Páistí

Bord Bainistíochta Scoil Fhursa

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile na scoile. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile* na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta Scoil Fhursa.

1. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le *Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile'* na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA): Bríd Ní Neachtain

3. An Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA): Mairéad Nic Dhonnchadha

4. I ndáil le polasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht de chuid Scoil Fhursa, cloífear leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí:

   Déanfaidh an scoil
   - glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
   - comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí
   - gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
   - gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus iad a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
   - meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

5. Is iad foireann múinteoirí, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta Scoil Fhursa a d'ullmhaigh agus a chuir an polasaí seo le chéile de réir na moltaí agus na dtreoirlínte is déanaí maidir le mí-úsáid páistí a sheachaint agus chun cosaint agus leas na bpáistí uile a chinntiú.

   Clúdaíonn an polasaí seo freagrachtaí na scoile maidir le:
   (a) Cosc ar mhí-úsáid páistí – an soláthar atá sa churaclam dó seo.
   (b) Nósanna imeachta le déileáil le hamhras agus líomhaintí faoi mhí-úsáid páistí.
   (c) Dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le sábháilteacht páistí.

Aidhmeanna an Pholasaí

- Timpeallacht shábháilte a chruthú do na páistí ina dtugtar aire dóibh
- Clár scileanna sábháilteachta pearsanta a chur ar fáil i ngach rang
- Aird agus freagrach phobal uile na scoile a dhíriú ar chosaint páistí
- Dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le sábháilteacht chun páistí agus foireann na scoile a chosaint
- Cinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoi na treoirlínte agus na nósanna imeachta maidir le hamhras agus líomhaintí faoi mhí-úsáid páistí a thuairisciú. (Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Childrens First)
- Traenáil leanúnach san ábhar a chur ar fáil don fhoireann iomlán scoile

Dáta: 21 Meán Fómhair 2022

Cosc ar mhí-úsáid páistí

Úsáidtear an clár Bí Sábháilte sa scoil chun eolas a thabhairt do na páistí ar chonas mí-úsáid a sheachaint. Múintear an clár mar chuid den churaclam OSPS a bhaineann le Sábháilteacht agus Cosaint.

Nuair a chláraítear páiste cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil an clár Bí Sábháilte á mhúineadh sa scoil agus tugtar cóip den leabhrán *Stay Safe – A Parents Guide* dóibh.

Múintear na ceachtanna ar fad sa chlár Bí Sábháilte gach bliain de réir an phlean OSPS.

Déanann an fhoireann na teachtaireachtaí ón gclár i dhaingniú go rialta sa seomra ranga. Sna Naíonáin Shóisearacha múintear na ceachtanna i nGaeilge agus i mBéarla nuair is gá. Is in nGaeilge a mhúintear an clár sna ranganna eile.

Tugtar eolas do thuismitheoirí páistí le riachtanais speisiálta ionas gur féidir leo na ceachtanna a dhaingniú sa bhaile.

Úsáidtear an pacáiste speisialta Bí Sábháilte do pháistí le deachrachtaí foghlama nuair is gá. Cabhróidh an Múinteoir Tacaíocht Foghlama, an Múinteoir Achmainne agus an Cúntóir Ranga leis na páistí seo na scileanna a dhaingniú.

Cuirfear litir eolais maidir leis an gclár Bí Sábháilte abhaile chuig na tuismitheoirí roimh an clár á dhéanamh.

Eagraíocht Scoile

Leanfaidh foireann na scoile ar fad (múinteoirí, cúntóirí ranga, rúnaí, an fhoireann ghlantachán srl) treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scilleanna darbh ainm *Nosanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBumscoileanna agus i Scoileanna Iar bhunscoile* maidir le hamhras agus líomhaintí faoi mhí-úsáid leanaí a thuairisciú.

Tá Bríd Ní Neachtain ceaptha mar Dhuine Caidrimh Ainmnithe agus Mairéad Nic Dhonnchadha mar Leas-Dhuine Caidrimh Ainmnithe ag Bord Bainistíochta na scoile.

D'aontaigh an fhoireann agus an Bord Bainistíochta ar na socraithe seo:

- Is don DCA a dhéanfar tuairisciú ar aon amhras/imní nó líomhaintí faoi mhí-úsáid páistí ar dtús. (Leas DCA nuair atá sin oiriúnach)
- Ní mór dáta agus síniú a bheith ar gach tuairisc (ag an té a dhéanann an tuairisciú).
- Ní coir eolas faoin gcás a thabhairt ach dóibh siúd gur gá an t-eolas a bheith acu agus cuirfear béim mhór i gcónaí ar phríobháideachas.
- Ba choir clár uimhir an pháiste a úsáid in aon tuairisc seachas ainm an pháiste.

Treoirlínte i dtaobh Mí-úsáid Leanaí a Aithint

Caithfear na comharthaí sóirt a iniúchadh i gcomhthéacs iomlán an pháiste agus a theaghlach. Bíonn trí chéim de ghnáth i gceist nuair a bhíonn mí-úsáid leanaí á iniúchadh.
Is iad sin:-

- Na féidireachtaí a mheas
- Na comharthaí sóirt a aithint
- An t-eolas a thaifeadadh

Féach "Caibidil 2 Definition and Recognition of Child Abuse" ***in Child Protection Procedures for Primary and Post Primary schools.***
Féach Aguisín 3 Signs and Symptoms of Child Abuse in ***Child Protection Procedures*****.**

Conas faisnéisiú leanaí a láimhseáil
Nuair a tugtar eolas faoi rún caithfidh an ball foirne a bheith mothálach agus é/í ag freagairt don eolas a tugadh. Beidh air/uirthi an páiste a chur ar a s(h)uaimhneas, ionas go mbeidh iontaoibh ag an bpáiste as/aisti, ach caithfear a chur in iúl go bhfuil gá le gníomh agus go mbeidh toradh ag éirí as – ina measc go gcaithfear daoine fásta eile a chur ar an eolas. Tá sé tábhachtach a rá leis an bpáiste go ndéanfar gach rud chun é a chosaint ach ní cóir geallúint a thabhairt nach féidir a chomhlíonadh e.g. gan an scéal a insint d'aon duine eile. Leas an pháiste an príomhrud sna cásanna seo. Chomh fada agus is féidir, is cóir mianta an pháiste a chur san áireamh, ag braith ar aois agus leibhéal tuisceana.

Tugtar an chomhairle seo a leanas do lucht scoile a dtugann páiste tuairisc dóibh i leith mí-úsáide.

- Tóg go bog é.
- Éist leis an bpáiste go hoscailte agus go mothálach.
- Bí dáiríre faoi gach tuairisc den tsaghas seo.
- Ná cuir treoircheisteanna agus ná tabhair moltaí don bpáiste.
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas ach ná tabhair geallúintí.
- Ná cuir bac ar an bpáiste agus é/í ag cuimhneamh siar ar eachtraí suntasacha.
- Ná téigh thar fóir agus tú ag freagairt don ghéarchéim.
- Mínigh go bhfuil seans ann go mbeidh breis cabhrach ag teastáil.
- Déan an comhrá a thaifeadadh go cruinn agus bíodh tuairisc ann faoi dátaí, amanna, ainmneacha, áiteanna, comhthéacs agus mionsonraí an chomhrá.

Ba chóir an t-eolas seo a sheoladh go dtí an OTA agus tuairisc faoi a choimeád sa scoil.

Féach Caibidil 3, Alt 3.5 Dealing with Disclosures from Children in ***Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools*****. Freisin Caibidil 4 Alt 4.1 Action to be taken by School Personnel**

Cleachtas

Shocraigh Foireann agus Bord Bainistíochta na scoile gur choir aird ar Leith a thabhairt ar na nithe thíos agus cinneadh a dhéanamh leo.

Beartaíodh go gcuirfí na cleachtais seo i bhfeidhm

(a) Teagmháil Fhisiciúil

Is ag freagairt do riachtanais an pháiste agus ní do riachtanais an duine fásta a bíonn aon teagmháil fhisiciuil. Cé gur gá teagmháil fhisiciúil a úsáid uaireanta chun an páiste a shuaimhniú ba choir é a úsáid ag brath air an bhfuil sé:-

1) inghlachta don pháiste
2) oscailte agus gan a bheith rúnda
3) feiliúnach d'aois agus staid forbartha an pháiste.

Níor choir d'aon oibrí scoile aon rud pearsanta a dhéanamh do pháiste más rud é gur féidir leis an bpáiste é a dhéanamh as a stuaim féin.

(b) Cuairteoirí

Ní fhágfar aon chuairteoir riamh leis/léi féin le páistí. Beidh an múinteoir ranga i láthair agus freagrach i gconaí. Tá sé de dhualgas ar an bpríomhoide fiosrú a dhéanamh roimh ré faoi chuairteoirí a bheidh ag caint le daltaí agus faoin ábhar a bheidh á phlé acu chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach

(c) Páistí le riachtanais ar Leith

Más rud é gur gá do pháiste cabhair a fháil maidir le húsáid leithris is gá go mbeadh cruinniú ag tuismitheoirí an pháiste, an múinteoir ranga, an cúntóir ranga, an príomhoide agus an dalta féin (má tá sin oiriúnach) sula dtosaíonn an páiste ag freastal ar an scoil. Socraítear ag an gcruinniú seo céard iad na riachtanais atá ag an bpáiste ionas go ndéanfar socrú maidir leis an mbealach a ndéanfaidh an scoil freastal an na riachtanais seo. Ainmneofar na baill foirne a bheidh freagrach as an gcúram seo agus déanfar socrú atá déanta i gcód an pháiste sin. Ba choir go mbeadh beirt bhall foirne i láthair más gá cabhair a thabhairt do pháiste i gcúram phríobháideach (i.e. ag dul go dtí an leithreas nó ag athrú éadaí) Muna leanfar an córas seo tá sé de dhualgas ar an múinteoir ranga na tuismitheoirí agus an DCA a chur ar an eolas.

(d) Timpistí leithris

Beidh éadaí glana oiriúnach ar fáil sa scoil gur féidir le páistí athrú má tharlaíonn timpiste dóibh. Munar féidir leis an bpáiste na héadaí a athrú é/í féin agus munar féidir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí an pháiste, cabhróidh baill foirne a aithníonn an páiste leis/léi. Ba choir go mbeadh beirt den fhoireann i láthair agus is gá an t-eachtra a chlárú (fillteán ceartúcháin agus teagmhail le tuismitheoirí) agus an príomh-oide agua na tuismitheoirí a chur ar an eolas.

(e) Múinteoireacht aonair

Tá sé mar pholasaí ag an scoil seo gur minic gurbh í an mhúinteoireacht aonair an modh múinte is fearr do roinnt páistí. Déanfar gach iarracht an mhúinteoireacht seo a dhéanamh in áit phoiblí. Inseofar do thuismitheoirí an bpáistí faoin múinteoireacht aonair agus lorgófar a gcead. Is faoi chúram an mhúinteoir ranga dhéanfaidh an cúntóir ranga a cuid oibre i dtimpeall oscailte phoiblí.

(f) Ag athrú éadaí do chluichí, corpoideachas agus snámh

Is iad na páistí féin a athróidh a gcuid éadaí nuair is gá do chluichí, corpoideachas agus snámh. Más gá cabhair a thabhairt déanfar sin le cead an tuismitheora in áit phoiblí. Ní ghléasfaidh ball foirne nó oibrí dheonach aon pháiste i gcillín nó in áit phríobháideach. Má tá cabhair den chinéal sin ag teastáil iarrfar ar an tuismitheoir é a sholathar.

(g) Taisteal

Má bhíonn ar mhúinteoir páiste a thabhairt in aon áit i gcarr beidh duine eile den bhfoireann leí/leis nó beirt pháiste. Beidh na páistí sa suíochán cúl agus beidh crios sábhála orthu.

(h) Maoirseacht páistí

Déanfar an mhaoirseacht atá riachtanach ar pháistí na scoile i gconaí. Tá na múinteoirí freagrach as na páistí ó 08:30 r.n. go dtí 02:10 i.n. (Naíonáin 8.30r.n. go dtí 1.10i.n.)Cloífidh an fhoireann le Polasaí Maoirseacht Clóis na scoile maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na páistí sa chlós ag amanna sosa.

(i) Úsáid an Idirlíon

Cloífidh gach ball foirne (múinteoirí agus foireann nach múinteoirí iad), páistí agus cuairteoirí leis an bPolasaí Úsáide Inghlactha. Déanfar gach iarracht cloí le dea-chleachtais ach má tharlaíonn aon phráinn déanfar é a chlárú agus cuirfear an príomhoide agus na tuismitheoirí ar an eolas.

Ceangail le polasaithe/pleanáil eile

Cosc ar mhí úsáid páistí	-	An Curaclam OSPS – Na Snáithaonaid; Sábhailteacht agus Cosaint
	-	Cód Iompair na Scoile
Nósanna Imeachta	-	An Cód Iompair
	-	An Polasaí Frithbulaíochta
	-	An Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta
Cleachtais	-	An Polasaí Snámh
	-	An Polasaí ar Thurais Scoile
	-	An Polasaí Úsáide Inghlachta (AUP)
	-	An Polasaí Fón Póca
	-	Nosanna Imeachta maidir le fostú fóirne

Déanfaidh an Bord Bainistíochta deimhin de go gcuirfear traenáil cuí agus leanúnach ar fáil don Duine Caidrimh Ainmnithe agus don Leas Dhuine Caidrimh Ainmnithe.

Tacaíonn Bord Bainistíochta Scoil Fhursa leis na socraithe atá leagtha síos in Imlitir 0094/2006 ón Roinn Oideachais agus Eolaíocht: "Socraithe Nua do sheiceail do foirne múinteoireachta agus foirne nach múinteoirí iad".

Ag glacadh leis go bhfuil leas agus sábháilteacht na leanaí ata ag freastal ar an scoil mar thosaíocht acu, aithníonn an Bord Bainistíochta go mbeidh (a) Cosaint Linbh, (b) Sláinte agus Sábháilteacht ar chlár gach cruinniú Boird.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinnte de go bhfuil foireann na scoile idir múinteoirí agus foireann na scoile nach múinteoirí iad ar an eolas faoi na dualgaisí atá orthu mar atá leagtha síos sna treoirlínte "Children First" má tá imní orthu faoi pháiste.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil dhá dhualgas cúraim orthu. Is é an príomh dhualgas atá orthu na cosaint, sabháilteacht agus leas na bpáistí atá ag freastal ar Scoil Fhursa. Chomh maith le sin tá dualgas agus freagrachtaí ar an mBord mar fhostóir i leith a fhostaithe.

Mar fhostóir lorgóidh an Bord Bainistíochta comhairle dlí má dhéantar líomhain i gcoinne fostaí scoile.

Leanfaidh Bord Bainistíochta Scoil Fhursa na céimeanna atá leagtha síos i gCáibidil 5 den leabhar *Treoirlínte agus Cur Chuige Um Chaomhnú Páistí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2011*, i gcás go bhfuil líomhaintí nó amhras faoi pháistí a bheith á mí-úsáid ag fostaithe scoile, chun déanamh cinnte de go bhfuil na páistí sin á gcosaint. Is féidir liomhaint nach bhfuil fíor nó nach bhfuil iomlán fíor a dhéanamh faoi fostaí scoile. Ba chóir roinnt go cothrom leis an bhfostaí, agus tá sé de cheart acu nach ndéanfaí breithiunas sula ndeanfar fiosrú iomlán cothrom. Glacann an Bord leis go gcaithfear claoí le prionsabail na cothroime nádurtha agus go gcaithfear modh ceart agus cóir a úsáid.

Creideann an Bord go mbíonn rath ar dhul chun cinn acadúil, pearsanta agus sóisialta na bpáistí i dtimpeallacht ina gcothaítear dea chaidreamh idir dhaoine ina bhfuil meas ar gach duine agus ina dtugtar tacaíocht cuí dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí acu.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta cúram de timpeallacht a chothú ina mothaíonn páistí slán sabháilte, ina mbíonn deis acu a dtuairimí a nochtadh agus in a n-éistear leo. Cuirtear in iúl do gach páiste sa scoil go bhfuil daoine fásta sa scoil gur féidir leo labhairt leo má tá imní orthu. Chomh maith le sin cuirtear deiseanna ar fáil sa chuarclam chun seans a thabhairt do na páistí na scileanna atá ag teastáil uathu a fhorbairt chun iad féin a choiméad slán sabháilte.

Glacann an Bord Bainistíochta mar chúram orthu féin an polasaí seo faoi Chaomhnú Linbh a dháileadh ar thuismitheoirí agus ar chomhnóirí nuair a cláráitear páiste sa scoil agus go rialta ina dhiaidh sin. Beidh an polasaí seo agus an leabhar "*Children First*" ar fáil freisin ó oifig an phríomhoide.

Baineann an polasaí seo faoi Chaomhnú Linbh i Scoil Fhursa ball de fhoireann na scoil, le baill an Bhord Bainistíochta agus le gach oibrí deonach agus le gach conraitheoir a bhíonn ag obair sa scoil.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo uair amháin gach scoilbhlian as seo amach.

Ghlac Bord Bainistíochta Scoil Fhursa leis an bpolasaí seo ar an 21/09/2022 [dáta]

Seán Ó Neachtain — Cathaoirleach

Bríd Ní Neachtain — Príomhoide

21/09/2022 — Dáta

Meán Fómhair 2023 — Dáta an céad athbhreithniú eile